Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

# PLEAN NÁISIÚNTA BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

## LE HAGHAIDH GEILLEAGAR CIORCLACH 2024-2030



## ACHOIMRE FHEIDHMEACH

REGIONAL WASTE MANAGEMENT PLANNING OFFICES



# AN PLEAN SEO

Seo an Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach

**Faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, tá de cheangal ar Údaráis Áitiúla plean bainistithe dramhaíola a cheapadh ar bhonn aonair nó i gcomhpháirt dá limistéir feidhme. In 2015, bhunaigh údaráis áitiúla trí Oifig Réigiúnacha Pleanála don Bhainistiú Dramhaíola chun trí phlean réigiúnacha bainistithe dramhaíola a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar a son. Tar éis breithmheasa, moladh go ndéanfaí plean aonair a ullmhú le teacht in áit na bpleananna réigiúnacha a bhí ann.**

Féachann an Plean seo le **tionchar a imirt** maidir le tomhaltas inbhuanaithe agus le táirgeadh na dramhaíola **a chosc,** le **feabhsúcháin** a réadú i dtaca le ceapadh ábhar chun an chiorclaíocht a **bharrfheabhsú** agus le **comhlíonadh** beartas agus reachtaíochta a éascú.

**Tá na hOifigí Réigiúnacha Pleanála don Bhainistiú Dramhaíola, faoi choimirce Ghrúpa Náisiúnta Maoirseachta an Chumainn Bainistíochta Contae agus Cathrach, tar éis ullmhú an phlean seo, arb é an chéad Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach, a chomhordú. Tá leagtha amach sa Phlean seo creat le haghaidh cosc agus bainistiú dramhaíola in Éirinn don tréimhse 2024 go 2030.**

## AN CHIORCLAÍOCHT
**"Ábhair a choinneáil in úsáid níos faide"**

Foilsíodh an dréachtphlean le haghaidh comhairliúcháin ón 3ú Bealtaine go dtí an 5ú Iúil, 2023, agus rinneadh breithniú ar gach uile thuairim a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin i bpróiseas críochnaithe an Phlean deiridh seo.

Tá Éire ag imeacht anois ón múnla traidisiúnta líneach 'tóg-cruthaigh-úsáid-diúscair' agus muid ag díriú ar mhúnla athghiniúnach fáis 'an gheilleagair chiorclaigh' mar a ndéantar acmhainní a athúsáid nó a athchúrsáil a oiread agus is féidir agus táirgeadh na dramhaíola a íoslaghdú. Tá an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach éigeantach chun an brú ar acmhainní nádúrtha a laghdú, chun cabhrú le baint amach na spriocanna aeráide, chun tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus chun fás inbhuanaithe agus poist a chruthú.

Mar thaca faoin Acht um Gheilleagar Ciorclach, 2022, tá bonn beartas níos leithne lena mbunaítear an creat don aistriú náisiúnta chuig geilleagar ciorclach. Ullmhaíodh an Plean seo chun tacú agus cur leis an mbonn beartas níos leithne agus cuimsíonn sé spriocanna, beartais agus gníomhartha sainiúla lena chur ar chumas earnáil na dramhaíola agus na n-acmhainní tabhairt faoi dhúshlán na ciorclaíochta agus an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a bhrostú.

Tá ról na hearnála dramhaíola agus acmhainní lárnach san aistriú náisiúnta seo agus is ionann an **Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach** (an 'Plean') agus creat chun tacú leis an straitéis seo.

**Aithnítear an tAthrú Aeráide, sa Phlean seo, ina chroí-thoisc atá tar éis athrú iompraíochta agus cleachtais fheabhsaithe bainistithe dramhaíola a spreagadh. Déanfar breithmheas ar an bPlean ar bhonn bliantúil ó thaobh tionchar aeráide de agus déanfar pleananna bliantúla oibre a oiriúnú chun freagairt don dúshlán aeráide.**

**Le gur féidir an t-aistriú a dhéanamh chuig geilleagar ciorclach, tá gá le freagairt chomhoibritheach náisiúnta thar gach earnáil den gheilleagar ar feadh saolré táirgí agus ábhar.**

Rinneadh inneachar an Phlean seo a chruthú trí chomhoibriú fairsing le croí-chomhpháirtithe, le páirtithe leasmhara agus le spriocphobal níos leithne na dramhaíola agus rinneadh prionsabal na comhúinéireachta a leabú sna freagairtí ar na dúshláin a sainaithníodh.

Tá sainaitheanta sa Phlean croí-thorthaí inréadaithe lenar féidir acmhainneacht an uile pháirtí leasmhair a dhiscaoileadh chun cur leis an aistriú i dtreo cleachtais níos inbhuanaithe. Táthar tar éis freagracht as na croí-thorthaí inréadaithe a tharmligean do na croí-chomhpháirtithe atá freagrach as cur i bhfeidhm beartas dramhaíola, mar atá, Earnáil na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

**Beidh an comhoibriú lárnach fós i dtaca le cur i bhfeidhm an Phlean agus táthar tar éis croí-thorthaí inréadaithe a chuimsiú maidir le heagrúchán, rannpháirtíocht agus monatóireacht chun tacú leis an gcur chuige comhoibritheach seo.**

## UAILLMHIAN AN PHLEAN

**0%**

**FÁS DRAMHAÍOLA**

**Is é an uaillmhian atá taobh thiar den Phlean seo ná 0% d'fhás dramhaíola iomlán in aghaidh an duine thar shaolré an Phlean agus tá an bhéim ar dhramhaíl nach dramhaíl tí í lena n-áirítear dramhaíl ó ghníomhaíochtaí tráchtála agus ón earnáil tógála agus scartála.**

Mar bhonn agus mar thaca faoin bplean, tá sraith chuimsitheach de spriocanna, polasaithe, bearta agus tacar de chroí-thorthaí inréadaithe. Rinneadh gach aon cheann d'fhorálacha seo an Phlean a cheapadh chun tacú le réadú uaillmhian an Phlean, chun freagairt do dhúshláin reatha agus todhchaí agus chun tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar níos ciorclaí agus tionchar aeráide laghdaithe.

## RÁTAÍ ATHCHÚRSÁLA A MHÉADÚ

Cé go bhfuil sé d'uaillmhian ag an bPlean tionchar a imirt maidir le tomhaltas inbhuanaithe agus táirgeadh na dramhaíola a chosc, is croí-thosaíocht é freisin na rátaí athchúrsála a mhéadú.

Tá Éire ar an mbóthar ceart, i láthair na huaire, chun go leor de spriocanna dramhaíola an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, ach tá dúshláin shuntasacha fós ann maidir le go leor de na spriocanna athchúrsála a bhaint amach. Tá na spriocanna feidhmíochta ag méadú agus tiocfaidh dúshlán suntasach breise leis an gcéad sciar eile de spriocanna.

## €40M

**An costas a bhaineann leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú**

Meastar luach de bhreis agus €1.4bn a bheith ag baint leis an earnáil dramhaíola phríobháideach in Éirinn agus fostaíonn sí thart ar 10,000 duine. Caitheann na hÚdaráis Áitiúla breis agus €280M ar fheidhmeanna dramhaíola gach bliain agus fostaíonn breis agus 1,700 duine.

Tá scála an tiomantais airgeadais agus an tiomantais dhaonna a bhaineann le bheith ag leanúint de sheirbhísí dramhaíola, mór, agus leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach, beidh infheistíocht bhreise de €40M ar a laghad ón Stát ag teastáil chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach thar shaolré an Phlean seo.

**Beidh gá le hacmhainní breise i gcroí-réimsí lena n-áirítear, cumarsáid, rannpháirtíocht, rialáil agus bonneagar lena chur ar chumas earnáil na n-údarás áitiúil ionchur fiúntach a bheith acu san aistriú i dtreo sochaí níos ciorclaí.**

## TÁ AN PLEAN LEAGTHA AMACH INA CHÚIG CHAIBIDIL, MAR SEO A LEANAS:

### CAIBIDIL I
Leagann amach an staid reatha lena n-áirítear beartas, tírdhreach reatha dramhaíola agus na hacmhainní airgeadais, daonna agus margaidh atá in úsáid. Sainaithníonn sé freisin na **croí-dhúshláin bainistithe dramhaíola** atá le hionramháil ag an Stát.

### CAIBIDIL II
Leagann amach **na freagairtí** ar na dúshláin bainistithe dramhaíola a sainaithníodh lena n-áirítear uaillmhian, spriocanna, polasaithe agus gníomhartha tosaíochta an Phlean. Sainaithníodh polasaithe spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta freisin le haghaidh raon de réimsí fócais a roghnaíodh le bheith ag teacht leis na dúshláin.

### CAIBIDIL III
Leagann amach **an treochlár seachadta** do na freagairtí atá leagtha amach i gCaibidil II agus cuimsíonn na croí-thorthaí inréadaithe atá ag teastáil leis an uaillmhian, na spriocanna, na polasaithe agus na gníomhartha a sainaithníodh a éascú.

### CAIBIDIL IV
Soláthraíonn an **fhaisnéis thacaíochta** don Phlean i sraith d'aguisíní teicniúla.

### CAIBIDIL V
Cuimsíonn an **Ráiteas Measúnachta Straitéisí Comhshaoil** agus an **Ráiteas Tionchair Natura.**

## DUL CHUN CINN

Táthar tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh ó thaobh an bhainistithe dramhaíola de in Éirinn agus b'ionann na Pleananna Réigiúnacha Bainistithe Dramhaíola a bhí ann roimhe seo agus creat don dul chun cinn seo.

Is amhlaidh go bhfuil dúshláin go fóill ann de réir mar atá an Stát ag féachaint le haistriú chuig geilleagar níos ciorclaí agus is ionann an Plean seo agus creat náisiúnta lena n-aithnítear na dúshláin, lenar cuireadh freagairtí chun tosaigh agus lenar leagadh amach treochlár seachadta do na sé bliana atá romhainn.

## AN PLEAN SEO INA UIMHREACHA:

**1** Uaillmhian an Phlean

**8** Spriocanna Náisiúnta

**13** Chroí-Bheartas

**16** Réimse Fócais

**74** Polasaí Spriocdhírithe

**85** Gníomh Tosaíochta

**51** Croí-thoradh Inréadaithe



# DÚSHLÁIN BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

## Caibidil I den Phlean

**Tá leagtha amach i gCaibidil I den Phlean na dúshláin bainistithe dramhaíola atá le hionramháil ag an Stát lena n-áirítear na rialacha reachtaíochta, buanna agus laigí an tírdhreacha reatha dramhaíola agus na hacmhainní airgeadais agus daonna a theastaíonn chun na seirbhísí reatha a choimeád agus chun an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú.**

**Ar na croí-dhúshláin a sainaithníodh, tá acmhainní, acmhainneacht ó thaobh eagrúcháin de, riachtanais beartais, spriocanna maidir le sruthanna ábhair faoi leith, soláthar an bhonneagair agus táirgeadh dramhaíola.**

## DÚSHLÁN 1: ACMHAINNÍ

Tá leagtha amach sa Phlean léargas ar na hacmhainní airgeadais, daonna agus margaidh atá i bhfeidhm i láthair na huaire ar fud earnáil na dramhaíola lena n-áirítear leibhéil reatha ioncaim agus caiteachais an rialtais láir agus lucht rialtais áitiúil chun beartas náisiúnta agus feidhmeanna dramhaíola na n-údarás áitiúil a sheachadadh. B'ionann caiteachas buiséadaithe iomlán na n-údarás áitiúil thar gach feidhm dramhaíola in 2021 agus €281 milliún agus tá léirithe sa chairt seo miondealú ar an gcaiteachas maidir le gach feidhm dramhaíola.

B'ionann ioncam iomlán na n-údarás áitiúil ón mbailiú agus cóireáil dramhaíola agus €64 milliún, rud a d'fhág easnamh oibríochtúil de €217 milliún don bhliain 2021.


Baineann an mhórchuid den easnamh leis an nglantachán sráide, rud, dá mbeifí lena chur le chéile leis an mbainistiú bruscair, arbh ionann é agus 67% d'easnamh 2021.

Tá an t-easnamh seo á íoc faoi láthair ag na húdaráis áitiúla as rátaí tráchtála agus as ioncam ón gcáin mhaoine áitiúil, rud a léiríonn nach bhfuil ag éirí go héifeachtach leis an bprionsabal "íocadh an truaillitheoir".

**Ní féidir leanúint d'easnamh buiséid den scála seo agus cuireann an Plean seo ceanglas ar earnáil na n-údarás áitiúil breithniú a dhéanamh ar bhearta agus ar straitéisí féideartha chun na heasnaimh i ngach ceann de na feidhmeanna a sainaithníodh a mhaolú.**

**Sa chás ina sainaithnítear idirghabhálacha a thacaíonn le baint amach na spriocanna, a chuireann leis an gciorclaíocht agus a thacaíonn leis an ngníomhú ar son na haeráide, beidh gá le tacaíocht bhreise ón rialtas leis na bearta seo a chur i bhfeidhm.**

### CAITEACHAS IOMLÁN NA NÚDARÁS ÁITIÚIL FEIDHM DRAMHAÍOLA



## DÚSHLÁN 2:
## ATHRÚ Ó THAOBH EAGRÚCHÁIN DE

**D'éirigh go maith, den chuid is mó, leis na socruithe eagrúcháin reatha maidir le margadh dramhaíola feidhmiúil rialaithe a sheachadadh agus a chothabháil. Is amhlaidh, áfach, go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ann lena n-áirítear rannpháirtíocht, comhlíontacht, athchúrsáil agus gníomhaíochtaí athúsáidte.**

**Éilíonn an dúshlán a bhaineann le brostú an aistrithe i dtreo geilleagar ciorclach freagairt iomchuí ó thaobh an eagrúcháin de ó earnáil na n-údarás áitiúil agus óna cuid croí-chomhpháirtithe.**

Éilíonn an t-aistriú chuig an aon phlean náisiúnta, cé go gcoinneofar, san am céanna, na struchtúir forfheidhmithe réigiúnacha, comhtháthú níos mó idir feidhmeanna dramhaíola earnáil na n-údarás áitiúil d'fhonn comhoibriú éifeachtach le croí-chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara a éascú.

Ní mór go gcuirfí san áireamh leis na socruithe eagrúcháin ról earnáil na n-údarás áitiúil, ar ról é atá á fhorbairt, laistigh den tírdhreach dramhaíola níos leithne agus an earnáil ag leanúint den aistriú ó bhunús na seirbhísí a sholáthar go díreach go dtí ról a bheadh bunaithe níos mó ar an bpleanáil agus rialáil.

**Cuimsíonn an Plean seo croí-thorthaí inréadaithe lena chinntiú go mbíonn socruithe eagrúcháin oiriúnach don fheidhm.**

## DÚSHLÁN 3:
## BEARTAS

**Tá an bonn beartas agus reachtaíochta le haghaidh dramhaíola agus le haghaidh an gheilleagair chiorclaigh in Éirinn á thiomáint ag an Aontas Eorpach tríd an bPacáiste le haghaidh Geilleagar Ciorclach.**

**Is tosaíocht forbartha de chuid an Choimisiúin é geilleagar ciorclach agus baineann sé le straitéis tionsclaíochta an Aontais Eorpaigh.**

Ar bhonn náisiúnta, le Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh, Clár an Gheilleagair Chiorclaigh agus an tAcht um Gheilleagar Ciorclach, 2022, bunaíodh creat beartais an gheilleagair chiorclaigh. De bhreis air sin, cuimsíonn an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide sraith beart atá le seachadadh ag an earnáil dramhaíola chun cur le baint amach na huaillmhéine náisiúnta aeráide. Go stairiúil, chomhlíon Éire, a bheag nó a mhór, teorainneacha agus spriocanna dramhaíola an Aontais Eorpaigh ach tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tar éis a léiriú go bhfuil baol ann nach gcomhlíonfaidh an Stát an ráta athchúrsála dramhaíola bardasaí agus ráta athchúrsála an phacáistithe phlaistigh. Tá dúshláin níos anacraí le sárú ag Éirinn freisin i dtaca leis an gcéad sciar eile de spriocanna dramhaíola do na sruthanna ábhair seo a chomhlíonadh.

## RÁTA CIORCLAÍOCHTA

Leis an Acht um Gheilleagar Ciorclach, 2022, tagann ceanglas maidir le spriocanna agus táscairí úra a bhunú chun ráta ciorclaíochta an Stáit a thomhas nó cumas an Stáit ábhair a choinneáil in úsáid agus baint leantach na n-amhábhar príomha a sheachaint.

**Aithnítear an chiorclaíocht sa phlean seo ina croí-spreagthach agus an ráta ciorclaíochta mar tháscaire dul chun cinn sa réimse seo.**

## DÚSHLÁN 4:
## SRUTHANNA ÁBHAIR

**Tá an táirgeadh dramhaíola in Éirinn á thiomáint ag fás an daonra (atá ag fás beagnach a dhá oiread níos gasta ná meánráta ECFE) agus ag an ngníomhaíocht eacnamaíoch (tháinig méadú de 44% ar an ollioncam náisiúnta modhnaithe ó 2015 go 2021).**

Tá an réimse de shruthanna dramhaíola agus ábhair a bpléitear leo sa Phlean le sonrú sa ghrafaic mar aon le rátaí táirgthe 2021 agus leibhéil chomhlíontachta le spriocanna an Aontais Eorpaigh (nuair is iomchuí).

Tá acmhainneacht chiorclach ag baint le gach ceann de na sruthanna seo nach bhfuil lántairbhe á bhaint aisti i láthair na huaire agus féachann an Plean seo le giniúint na sruthanna dramhaíola a chosc agus le haon ábhar a tháirgfí a optamú d'fhonn an acmhainneacht chiorclach a uasmhéadú.

Cuireadh Réimsí Fócais Sruthanna Ábhair san áireamh i gCaibidil II den Phlean mar aon le beartais spriocdhírithe agus gníomhaíochtaí tosaíochta chun tabhairt faoi na dúshláin a sainaithníodh.

**Is dúshlán soiléir é an táirgeadh dramhaíola a dhícheangal den aschur eacnamaíoch agus freagraíonn uaillmhian an Phlean don dúshlán seo.**

| Sruth Ábhair | Táirgeadh versus Sprioc | Sruth Ábhair | Táirgeadh versus Sprioc |
|---|---|---|---|
| **Dramhaíl Sholadach Bhardasach** | 3.2 mhilliún tonna de dhramhaíl bhardasach in 2021. 644kg/duine versus meánráta na hEorpa 527kg/duine.<br><br>**41% athchúrsáilte versus sprioc de 50% agus spriocanna níos airde do 2025 (55%), 2030 (60%) agus 2035 (65%).** | **Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach** | Bailíodh 71,811 tonna de DLL in 2021.<br><br>**Ráta bailithe de 64% versus sprioc de 65%.** |
| **Dramhbhia** | 753,00 tonna dramhbhia in 2021. Sprioc go laghdófar an dramhaíl seo faoina leath faoi 2030.<br><br>**Seoladh Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia i mí na Samhna 2022.** | **Feithiclí Ré Caite** | Pléadh le 145,628 FRC in 2021.<br><br>**88% athchúrsáilte versus sprioc de 85%.** |
| **Dramhaíl Phacáistithe** | 1.2 mhilliún tonna de dhramhaíl phacáistithe in 2021. 58% athchúrsáilte.<br><br>**Ní dhearnadh ach 28% de phlaisteach a athchúrsáil ach sprioc de 50% in 2025.** | **Boinn** | 40,393 tonna de bhoinn in 2020.<br><br>**68% athchúrsáilte ach easpórtáladh 81%.** |
| **Plaistigh Aonúsáide** | 372,818 tonna de dhramhaíl phlaisteach in 2021. Athruithe leis an Treoir maidir le Plaistigh Aonúsáide.<br><br>**Cuireadh tús leis an Scéim Aisíoca Éarlaise i mí Feabhra 2024.** | **Dramhaíl Tógála agus Scartála** | 9 milliún tonna de dhramhaíl T&S in 2021.<br><br>**78% athshlánaithe versus sprioc de 70%.** |
| **Teicstílí** | Meastar 170,000 tonna sa bhliain de dhramhaíl teicstílí a bheith ann.<br><br>**Is ionann seo agus 35kg an duine sa bhliain.** | **Dramhaíl Ghuaiseach** | 466,941 tonna de dhramhaíl ghuaiseach in 2021.<br><br>**Dramhaíl thionsclaíoch agus tógála den chuid is mó.** |

## DÚSHLÁN 5:
## BONNEAGAR

| Bonneagar | Stádas Reatha |
|---|---|
| Athúsáid agus Deisiúchán | Líonra Acmhainní Pobail Éireann – 41 ball.<br><br>**Cumann Siopaí Carthanachta na hÉireann - 470 siopa.**<br><br>1,267 ionad athúsáide ar bhonn náisiúnta lena n-áirítear siopaí miondíola agus seirbhísí ar líne. |
| Bailiú | 2,021 bailitheoir údaraithe in 2021.<br><br>**Bailiú cois bóthair 3 bhosca bruscair ag 69% de thithe in 2021.**<br><br>Gá le rannpháirtíocht bhreise ó tháirgeoirí dramhaíola tráchtála.<br><br>**96 Ionad Fóntas Poiblí údaráis áitiúil.**<br><br>6 Scéim Comhlíontachta (cadhnraí, feithiclí ré caite, plaisteach feirme, pacáistiú, boinn agus Dramhthrealamh Leictreonach agus Leictreach). |
| Athchúrsáil | Athchúrsáladh in Éirinn 18% den dramhaíl phacáistithe a táirgeadh in 2021 (gloine agus adhmad).<br><br>**Tá thart ar 687,560 tonna d'acmhainneacht múirínithe agus díleáite anaeróbaigh ar fáil laistigh den Stát.**<br><br>Déantar boinn, adhmad agus gloine a athchúrsáil laistigh den Stát.<br><br>**Tá an tionscal dúchasach athchúrsála plaistigh ag fás.** |
| Athshlánú | Dhá ionad cóireála teirmeacha thiomnaithe le 910,000 tonna d'acmhainneacht sa bhliain agus iad ag feidhmiú ar lánacmhainneacht.<br><br>**Dhá ionad stroighne atá údaraithe chun dramhaíl bhardasach a chomhloscadh agus acmhainneacht údaraithe iomlán de 482,875 tonna sa bhliain acu (ach gan ach dhá thrian den acmhainneacht in úsáid acu).**<br><br>Roinnt acmhainneachta breise cóireála teirmí ar na bacáin.<br><br>**474 saoráid rialaithe athshlánaithe cré agus an acmhainneacht acu cré agus cloch ó earnáil na tógála a láimhseáil.** |
| Diúscairt | Trí láithreán líonta talún bhardasacha darb acmhainn 458,000 tonna sa bhliain agus iad ag feidhmiú ar lánacmhainneacht.<br><br>**Iomaíocht i dtaca le hacmhainneacht dramhaíola bardasaí ó shruthanna dramhaíola eile (e.g. dramhaíl tógála neamhghuaiseach).**<br><br>Spleáchas leantach ar láithreáin líonta talún agus is eol athruithe ar acmhainneacht líonta talún a bheith ar na bacáin. |

**Tá acmhainneacht an Stáit i dtaca le dramhaíl agus acmhainní a bhainistiú á forbairt agus tá treocht na diúscartha laghdaithe go láithreáin líonta ag leanúint léi cé go bhfuil an treocht sin tar éis cobhsú le blianta beaga anuas.**

Tá neamhthuilleamaíocht fheabhsaithe ann mar gheall ar an bhfás ar athúsáid ábhar, athchúrsáil agus ionaid athshlánaithe teirmigh dhúchasacha.

Tá forléargas ar an mbonneagar atá ar fáil laistigh den Stát leagtha amach sa ghrafaic, rud a léiríonn, nuair a chuirtear rátaí táirgthe i gcomparáid le hacmhainneacht cóireála, go bhfuil easnamh ann i gcónaí, easnamh atá á bhainistiú trí easpórtálacha dramhaíola.




**Níl an spleáchas leantach ar easpórtálacha inbhuanaithe agus cé go bhféadfadh sé go laghdódh béim ar an gcosc agus ar an athúsáid an spleáchas seo, bíonn gá ann i gcónaí le bonneagar breise dúchasach, rud a dtacaíonn an Plean seo leis.**

## **DÚSHLÁN 6:** TÁIRGEADH DRAMHAÍOLA

**Is é an fás sa daonra agus an tomhaltas pearsanta a spreagann táirgeadh na Dramhaíola Tí.**

**Is gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagann táirgeadh dramhaíl tráchtála agus dramhaíl nach Dramhaíl Tí í.**

**Spreagann aschur na hearnála tógála táirgeadh na dramhaíola tógála agus scartála.**

Táthar ag tuar go leanfaidh na spreagthaigh seo de bheith ag fás le linn shaolré an Phlean seo agus baineadh feidhm astu chun leibhéil táirgthe dramhaíola todhchaí a réamh-mheas in éagmais aon idirghabhála eile.

Tugann na réamh-mheastacháin le tuiscint go dtiocfaidh fás neamh-inbhuanaithe ar an táirgeadh dramhaíola thar shaolré an Phlean seo. Aibhsíonn sé seo an gá atá le hidirghabhálacha chun an treocht seo a chur ar mhalairt slí agus chun an táirgeadh dramhaíola a dhícheangal ón ngníomhaíocht eacnamaíoch agus ón bhfás sa daonra.

**Féachann an Plean seo, i gcomhpháirt le hidirghabhálacha beartaithe beartais eile, leis an bhfás dramhaíola iomlán in aghaidh an duine a mhaolú go dtí 0% thar shaolré an Phlean.**

Éileoidh na dúshláin atá sainaitheanta sa Phlean seo comhoibriú iomlán idir croí-chomhpháirtithe agus gach páirtí leasmhar chun na torthaí mianaithe a bhaint amach thar shaolré an Phlean.



# FREAGAIRTÍ BEARTAIS AGUS GNÍOMHARTHA

Caibidil II den Phlean

**Tá na freagairtí beartais ar na dúshláin a sainaithníodh i gCaibidil I den Phlean leagtha amach i gCaibidil II. Tá Caibidil II bunaithe ar phróiseas fairsing comhoibritheach comhairleach le croí-chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara, rud a threoraigh forbairt spriocanna, beartas agus gníomhartha chun dul i ngleic leis na dúshláin atá leagtha amach.**

## COMHAIRLIÚCHÁN

Pléann Caibidil II leis na príomhbhrúnna, na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna agus soláthraíonn creat d'idirghabhálacha beartais agus de ghníomhartha a fhreagraíonn do na dúshláin a sainaithníodh.

Cuireann na hidirghabhálacha agus na gníomhartha beartais a sainaithníodh leis an bhfís, an straitéis agus an dul chun cinn a rinneadh faoi Phleananna Réigiúnacha Bainistithe Dramhaíola 2015-2021 agus soláthraíonn creat solúbtha beartais chun:

- **Tomhaltas Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn agus an Dramhaíl a Chosc**
- **Acmhainneacht Náisiúnta Bailithe agus Cóireála Dramhaíola a Neartú**
- **Tacú leis an Aistriú i dtreo Geilleagar Ciorclach**

## COMHOIBRIÚ

**Forbraíodh an Plean seo trí chomhoibriú le croí-chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara, faoi stiúir bheartas Náisiúnta agus beartas de chuid an Aontais Eorpaigh.**

Is iad na croí-chomhpháirtithe sa chomhoibriú ná Earnáil na nÚdarás Áitiúil, arb iad Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach a dhéanann ionadaíocht dóibh, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Éascaíodh rannpháirtíocht réamhghníomhach le croí-pháirtithe leasmhara eile trí cheardlanna téamacha agus fuarthas ionchur ó earnáil na n-údarás áitiúil trí ghrúpaí bunaithe Réigiúnacha.

Rinne Grúpa Náisiúnta Maoirseachta, arna bhunú ag Earnáil na nÚdarás Áitiúil, maoirsiú ar fhorbairt an Phlean lena chinntiú gur comhlíonadh na hoibleagáidí earnála agus gur cloíodh leis an mbeartas náisiúnta dramhaíola.

**D'eascair freagairtí beartais agus gníomhartha as an bpróiseas comhoibritheach seo agus neadaíodh iad i gCaibidil II den Phlean.**

## AN CHIORCLAÍOCHT

**Trí sheirbhísí reatha dramhaíola a choinneáil agus a fheabhsú, soláthrófar ardán le haghaidh iompraíochtaí agus cleachtais feabhsaithe ciorclacha chun an t-aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí a bhrostú.**

## DÍOTHÚ NA DRAMHAÍOLA AGUS ATHÚSÁID ACMHAINNÍ A UASMHÉADÚ

Le geilleagar ciorclach rathúil, feabhsófar iompraíochtaí tomhaltais agus laghdófar an táirgeadh dramhaíola agus tiocfaidh buntáistí comhshaoil níos leithne le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus laghdú ar an gcaillteanas bithéagsúlachta.

Is córas athghiniúnach ó nádúr é an geilleagar ciorclach lena dtagann múnla níos fearr de tháirgeadh agus tomhaltas i gcomparáid leis an gcur chuige líneach ('tóg-déan-diúscair') atá dian ó thaobh acmhainní agus carbóin de.

Le múnla an gheilleagair chiorclaigh, caitear leis an dramhail ar bhonn bunúsach mar acmhainn ar féidir í a athshruthú isteach i gcórais atá dírithe ar ábhair agus táirgí a chothabháil, a dheisiú, a athúsáid, a athchóiriú, a athmhonarú agus a athchúrsáil.

Ní mór don Stát aistriú chuig múnla táirgthe agus tomhaltais níos inbhuanaithe trí dhul i bhfeidhm ar dhearadh agus ar thomhaltas chun saolré na n-ábhar agus na n-acmhainní a shíneadh.

Tá gealltanas sa Phlean seo go dtacófar le seachadadh fhreagairt na hearnála dramhaíola don Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus do bhaint amach na spriocanna náisiúnta ciorclaíochta ar glacadh leo.

**Táirgeadh dramhaíola a sheachaint trí chórais chiorclacha is bunús le bearta agus spriocanna na hearnála dramhaíola sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.**

Tá idircheangal nádúrtha ann idir an aeráid agus an geilleagar ciorclach agus tá coigiltis shuntasacha fhéideartha ó thaobh astaíochtaí de le déanamh trí éifeachtúlacht na húsáidte ábhar a uasmhéadú.

Tagann ceanglas le Mír 7(6) den Acht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, go leagfar amach, le Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh, spriocanna náisiúnta ciorclaíochta.

## UAILLMHIAN

**Is é an uaillmhian atá taobh thiar den Phlean seo ná 0% d'fhás dramhaíola iomlán in aghaidh an duine thar shaolré an Phlean.**

I gcomhthéacs fás bliantúil stairiúil, agus tuartha, ar an táirgeadh dramhaíola, léiríonn sé seo uaillmhian shuntasach agus is ionann é, dáiríre, agus laghdú 7-10% ar tháirgeadh dramhaíola tuartha thar shaolré an Phlean.

Beidh na príomh-spreagthaigh daonra agus eacnamaíocha a chuaigh i bhfeidhm ar an táirgeadh dramhaíola go stairiúil ann i gcónaí agus beidh maolú an fháis dramhaíola ag brath ar fhócas athnuaite ar fheabhsúcháin iompraíochta i ngach uile theach agus fócas úr ar chleachtais dramhaíola níos fearr san earnáil tráchtála, nach mbaineann tithe cónaithe léi, trí bhearta dreasaithe a thabhairt isteach.

## UAILLMHIAN AN PHLEAN

# 0%

## FÁS DRAMHAÍOLA IOMLÁN IN AGHAIDH AN DUINE

### Trí:

**Cothabháil**
Bainistiú dramhaíola agus dul chun cinn iompraíochta a chothú

**Brostú**
An t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú

**Tionchar**
Tionchar a imirt maidir le Tomhaltas inbhuanaithe

**Feabhsú**
Gabháil gach acmhainne a fheabhsú

**Optamú**
An Chiorclaíocht a optamú

**Éascú**
Comhlíontacht beartas agus reachtaíochta a éascú

Tá gá leis an dul chun cinn ó thaobh iompraíochta de a baineadh amach thar shaolré Phleananna Réigiúnacha Bainistithe Dramhaíola 2015 a fheabhsú a thuilleadh agus le hiompraíochtaí feabhsaithe a aistriú go cleachtas breisithe ciorclaíochta.

Tá tairbhí móra le saothrú as laghdú na dramhaíola tógála agus scartála a d'eascródh as an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cinntí náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Le borradh ar thionscnaimh agus ar bhonneagar i dtaca le hathúsáid, deisiúchán, ullmhúchán le haghaidh athúsáidte agus athchúrsáil, beifear in ann margaí na n-ábhar tánaisteach a fhorbairt, rud a mhaolóidh an t-éileamh ar ábhair phríomha agus a sheachnóidh an táirgeadh dramhaíola.

**Spreagfaidh uaillmhian an Phlean seo an t-aistriú i dtreo geilleagar níos ciorclaí cé go n-aithnítear na brúnna reatha, lena n-áirítear tomhaltas, rátaí athchúrsála agus easpórtálacha dramhaíola.**

# SPRIOCANNA

**Freagraíonn an Plean seo do riachtanas an Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach maidir le spriocanna a bheith ann i dtaca le hathúsáid, deisiúchán, tomhaltas acmhainní agus laghdú ar thruailliú.**

**Táthar tar éis ocht sprioc náisiúnta a fhorbairt, mar seo a leanas:**

**6%**
de Laghdú in aghaidh an duine ar Dhramhaíl Sholadach Bhardasach Iarmharach faoi 2030

### Sprioc 1A
### Dramhaíl Bhardasach Iarmharach
Dramhaíl atá le cur chuig láithreán líonta nó atá lena hathshlánú trí chóireáil theirmeach

**12%**
de Laghdú ar Dhramhaíl T&S faoi 2030

### Sprioc 1B
### Ábhair Thógála
Dramhaíl Tógála agus Scartála a tháirgtear

**90%**
de Chomhlíontacht Ábhar sa Bhosca Athchúrsála Tirime

### Sprioc 2A
### Comhlíontacht Ábhar - Athchúrsáil
De Chomhlíontacht Ábhar sa Bhosca Athchúrsála Tirime

**10%**
de mhéadú sa bhliain ar Chomhlíontacht Ábhar sa Bhosca Bruscair Iarmharach. (90% faoi dheireadh 2030)

### Sprioc 2B
### Comhlíontacht Ábhar - Iarmharach
Comhlíontacht Ábhar sa Bhosca Bruscair Iarmharach

**20kg**
an duine/bliain

### Sprioc 3A
### Athúsáid Ábhar
Athúsáid ábhar amhail éadaí nó troscán chun dramhaíl a sheachaint

**10**
Suíomhanna le haghaidh Athúsáid (íoslíon)

### Sprioc 3B
### Saoráidí Athúsáide
Freastal ar athúsáid ag 10 nIonad Fóntas Poiblí, ar a laghad

**3**
Scéimeanna Bailithe

### Sprioc 4A/B
### Deisiúchán Ábhar
(Treochlár a fhorbairt le haghaidh Sprioc Deisiúcháin agus 1 scéim bailithe a Sholáthar i ngach réigiún le haghaidh ábhair indeisithe agus í a ailíniú le cleachtóirí deisiúcháin).

Breithneofar faoin sprioc seo freisin ar threochlár le haghaidh athmhonarú

# CROÍ-BHEARTAIS

**Leis an bPlean seo, glacadh le 13 chroí-bheartas atá ceaptha lena gcur i bhfeidhm ar bhonn uilíoch thar gach réimse den phleanáil agus d'oibríochtaí bainistithe dramhaíola a sainaithníodh sa Phlean.**

1. Cosaint an Chomhshaoil
2. Gníomhú ar son na hAeráide
3. Beartas agus Reachtaíocht
4. Comhoibriú
5. Iompar Athraitheach
6. Struchtúr Eagrúcháin
7. Nuálaíocht
8. Monatóireacht
9. Plean Forbartha Náisiúnta
10. Soláthar Glas Poiblí
11. Cáilíocht Sonraí
12. Bonneagar atá Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta agus Réigiúnach
13. An Plean seo a Chistiú

## TÁSTÁIL CROÍ-BHEARTAIS

**Tiocfaidh gach gníomh sa phlean faoi réir na Tástála Croí-Bheartais:**

An timpeallacht a chosaint agus tabhairt faoi ghníomhú ar son na haeráide, cloí le beartas agus glac le comhoibriú, struchtúir reatha agus bheartaithe eagrúcháin a úsáid le dul i bhfeidhm ar iompraíochtaí, an nuálaíocht a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar, tacú le pleananna náisiúnta agus soláthar glas a úsáid, sonraí dea-chaighdeáin a chur ar fáil, bonneagar tábhachtach a shainaithint agus tacú leis nuair is iomchuí agus a chinntiú go mbíonn acmhainní agus maoiniú ar fáil.

# RÉIMSÍ FÓCAIS

**Mar gheall ar scála na hearnála dramhaíola agus an réimse leathan de ghníomhaíochtaí agus na dúshláin atá le sárú, tá sainaitheanta sa Phlean seo 16 Réimse Fócais ar sannadh polasaithe sainiúla spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta dóibh.**

**Is féidir na réimsí fócais a rangú ina gcatagóirí leathana, mar atá; oibríochtúil, sruthanna dramhaíola ábhair agus bonneagar.**

## ÁBHAIR AGUS BONNEAGAR. RÉIMSÍ FÓCAIS OIBRÍOCHTÚLA

Baineann réimsí fócais oibríochtúla leis na córais a éascaíonn an bainistiú dramhaíola. Cuireann na réimsí fócais seo cosc na dramhaíola tráchtála agus leithscaradh níos fearr chun cinn, téann i bhfeidhm ar an tomhaltas tí agus cuireann chun cinn rannpháirteachas le córais údaraithe. Féachann na réimsí seo freisin le ciorclaíocht na n-ábhar a bhailítear trí scéimeanna comhlíontachta a fheabhsú agus le córais bailithe reatha a chothabháil agus a fheabhsú.

### RÉIMSÍ FÓCAIS
**Oibríochtúla**

**1** Dramhaíl Tráchtála Bhardasach
**2** Dramhaíl Tí Bhardasach
**3** Scéimeanna Comhlíontachta
**4** Córais Bailithe

**19** mBeartas Spriocdhírithe agus
**22** Gníomh Tosaíochta

## RÉIMSÍ FÓCAIS SRUTHANNA ÁBHAIR

Baineann réimsí fócais Sruthanna Ábhair le cosc na dramhaíola bia, pacáistithe agus teicstíle agus le díothú na bplaisteach aon-úsáide. Cothaíonn na réimsí fócais seo agus cuireann chun cinn cinntí náisiúnta chun dramhail tógála agus scartála a laghdú.

### SRUTH ÁBHAIR
**Réimsí Fócais**

**5** Bia
**6** Pacáistiú
**7** Plaisteach Aonúsáide
**8** Tógáil agus Scartáil
**9** Teicstílí
**10** Dramhaíl Ghuaiseach

**24** Beartas Spriocdhírithe agus
**33** Gníomh Tosaíochta

## RÉIMSÍ FÓCAIS BONNEAGAIR

Baineann réimsí fócais bonneagair le rialú an bhonneagair reatha agus an bhonneagair úir dramhaíola agus le córais athúsáidte, deisithe agus athchúrsála a chothú agus a chur chun cinn. Tacaíonn na réimsí fócais seo le soláthar agus le cothabháil na saoráidí athshlánaithe agus diúscartha lena n-áirítear saoráidí teagmhasacha dramhaíola.

### RÉIMSÍ FÓCAIS
**Bonneagair**

**11** Rialáil
**12** Athúsáid / Deisiú
**13** Athchúrsáil
**14** Athshlánú
**15** Diúscairt
**16** Dramhaíl Ghuaiseach

**31** Beartas Spriocdhírithe agus
**30** Gníomh Tosaíochta

**Is iad na réimsí fócais a thiomáineann an Plean seo agus cuimsíonn siad 74 beartas spriocdhírithe agus 85 gníomh tosaíochta atá mar bhonn agus mar thaca faoi uaillmhian an Phlean.**



# TREOCHLÁR SEACHADTA

## Caibidil III den Phlean

# TREOCHLÁR SEACHADTA

**Tá an treochlár le haghaidh sheachadadh an Phlean seo leagtha amach i gCaibidil III agus sraith de chroí-thorthaí inréadaithe le sonrú ann arb ionann iad, nuair a ghlactar leo le chéile, agus conair i dtreo réadú uaillmhian agus spriocanna an Phlean.**

**Tá na croí-thorthaí inréadaithe atá sainaitheanta ailínithe le croí-chomhpháirtithe seachadta an bheartais agus rinneadh freagracht as gach ceann de na croí-thorthaí inréadaithe a sainaithníodh a shannadh dóibh.**

**Tá na croí-chomhpháirtithe freagrach as cumasú na hearnála dramhaíola níos leithne trí thacaíocht beartais agus rialála agus beidh siad ag brath ar gach croí-pháirtí leasmhar uaillmhian an Phlean seo a sheachadadh.**

# TIONCHAR RIALÁLA, BONNEAGAIR AGUS AERÁIDE

Cé gurb iad na réimsí fócais a thiomáineann an Plean seo, is iad na croí-thorthaí inréadaithe an breosla a bhrostóidh réadú uaillmhian an Phlean agus an bheartais náisiúnta.

**Tá tuartha go dtiocfaidh méadú ar an bhfás daonra agus ar na spreagthaigh eacnamaíocha do na hearnálacha tráchtála agus tógála le linn shaolré an Phlean seo.**

**Cé go mbeidh tionchar ag na hidirghabhálacha atá sonraithe sa Phlean seo, sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach agus san Acht um Gheilleagar Ciorclach, ar tháirgeadh na dramhaíola, is é an bhuntreocht atá ann go dtiocfaidh méadú ar tháirgeadh na dramhaíola.**

Leanfaidh an Plean seo de bheith ag díriú go príomha ar chosc na dramhaíola agus ar iompraíochtaí a athrú sna hearnálacha ar fad chun an táirgeadh dramhaíola a dhícheangal de na spreagthaigh seo. Is ionann uaillmhian an Phlean seo agus an nasc idir fás eacnamaíoch agus fás dramhaíola a bhriseadh.

I **gCUID A** den Treochlár Seachadta, tá leagtha amach na croí-thorthaí rialála, bonneagair agus aeráide inréadaithe atá de dhíth chun acmhainneacht na mbeartas agus na ngníomhartha sa Phlean a dhíscaoileadh agus chun uaillmhian an Phlean a réadú.

Leis an bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach agus leis an Acht um Gheilleagar Ciorclach, moladh réimse d'idirghabhálacha beartais a chuirfidh le cosc na dramhaíola agus le méadú ar rátaí athchúrsála. Ar na príomhbhearta atá sonraithe, tá costas dreasaithe a ghearradh le haghaidh dramhaíl tráchtála, tobhaigh úra nó méadaithe ar earraí aon-úsáide, gníomhaíochtaí athshlánaithe dramhaíola agus líonadh talún.

# IDIRGHABHÁLACHA BEARTAIS COMHCHEANGAILTE

**300,000 tonna de**
Laghdú Dramhaíola
**Méadú 4-9%**
san Athchúrsáil

**Táthar ag súil, le comhéifeacht na n-idirghabhálacha seo, go gcoiscfear 300,000 tonna de dhramhaíl thar shaolré an Phlean seo agus go méadófar an ráta athchúrsála de 4-9%, faoi réir rathúlacht na n-idirghabhálacha.**

## RIALACHÁN 27 & 28 CINNTÍ

In ainneoin na n-idirghabhálacha atá beartaithe, táthar fós ag súil nach sároidh an ráta athchúrsála an sprioc de 55% faoi 2025, rud a léiríonn an géarghá atá le hidirghabhálacha níos radacaí mar chuid den athbhreithniú ar Straitéis an Gheilleagair Chiorclaigh in 2023.

Chun uaillmhian an Phlean a réadú, mar atá, 0% d'fhás iomlán dramhaíola, beidh gá le dul chun cinn suntasach i dtaca le cré agus cloch láithreáin úrnua a ainmniú ina bhfotháirge agus ní dramhaíl faoi Airteagal 27 den Chreat-treoir Dramhaíola (Rialachán 27 sa reachtaíocht náisiúnta).

## ACMHAINNEACHT CÓIREÁLA DRAMHAÍOLA

Táthar ag súil le dul chun cinn suntasach freisin ón bpróiseas deireadh dramhaíola, Airteagal 28 den Chreat-Treoir Dramhaíola (Rialachán 28), a chuirfidh le rátaí náisiúnta ciorclaíochta agus athchúrsála.

I bhfianaise táirgeadh méadaitheach dramhaíola agus na dúshláin ó thaobh an ráta náisiúnta athchúrsála de, táthar ag tuar go bhfásfaidh an gá a bheidh le hacmhainneacht cóireála dramhaíola lena n-áirítear athshlánú teirmeach, diúscairt ag láithreáin líonta agus easpórtáil. Tá an acmhainneacht cóireála dramhaíola reatha a bheag nó a mhór statach agus tiocfaidh laghdú uirthi sa mheántéarma.

**Tá foráil sa Phlean seo le haghaidh acmhainneacht leantach agus sínte ó thaobh cóireáil dramhaíola iarmharaí de laistigh den Stát le gur féidir aistriú i dtreo neamhthuilleamaíochta agus laghdú ar an spleáchas ar easpórtáil na ndramhábhar.**

**Ní mór a chinntiú le haon fhorbairt todhchaí ar an acmhainneacht cóireála dramhaíola nach dtiocfaidh soláthar bonneagar úr athshlánaithe salach ar bheartais chiorclacha lena n-áirítear cosc, athúsáid/deisiúchán agus athchúrsáil.**

Tá easnamh náisiúnta acmhainneachta ann ó thaobh na dramhaíola neamhghuaisí tógála agus scartála de (lena n-áirítear cré/cloch ó láithreáin athfhorbraíochta). Cé gur féidir an dramhaíl seo a láimhseáil ag láithreáin líonta, is úsáid neamhéifeachtach é seo de spás líonta talún.

## DRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA

Tá gá le saoráidí tiomnaithe agus tá tacaíocht dó seo sa Phlean chun dul i ngleic le fadhbanna acmhainneachta sa ghearr-go meántréimhse agus chun bonneagar ardleibhéil dramhaíola ar bhonn níos fadtréimhsí a spreagadh.

## ACMHAINNÍ

**€40M**

**an Íosmhéid de Chaiteachas Breise a Theastaíonn le haghaidh:**

Cumarsáid Rannpháirtíocht
Rialáil Infheistíocht

I **gCUID B** den Treochlár Seachadta, tá leagtha amach na croí-thorthaí eagrúcháin, rannpháirtíochta agus acmhainní inréadaithe atá de dhíth chun acmhainneacht na socruithe reatha a thacaíonn le huaillmhian an Phlean seo a dhíscaoileadh agus a chothú.

Déanann Earnáil na nÚdarás Áitiúil níos mó ná €280M a infheistiú gach bliain i soláthar na seirbhísí dramhaíl-bhainteacha agus ar oibleagáidí comhshaoil a chomhlíonadh.

Is ionann ioncam iomlán ar fud na hearnála, lena n-áirítear tacaíocht rialtais, agus €64M, rud a fhágann glandliteanas bliantúil de €217M.

Tá an t-easnamh seo neamh-inbhuanaithe don earnáil agus tá gealltanas sa Phlean seo i dtaca le bearta agus straitéisí chun na heasnaimh i ngach ceann de na feidhmeanna a sainaithníodh a mhaolú.

Aon áit a mbeidh tionchar ag na bearta seo ar spriocanna, ciorclaíocht nó gníomhú ar son na haeráide, lorgófar tacaíocht bhreise lena gcur i bhfeidhm.

**Sainaithníodh sa Phlean seo na hacmhainní breise, idir dhaonna agus airgeadais, atá ag teastáil chun an t-aistriú go geilleagar ciorclach a bhrostú i gcroí-réimsí amhail cumarsáid, rannpháirtíocht, rialáil agus infheistíocht. Beidh gá le híosmhéid de €6.6M gach bliain, nó le breis agus €40M thar shaolré an Phlean chun an toradh seo a bhaint amach.**

## EAGRÚCHÁN

Éilíonn an t-aistriú go plean náisiúnta amháin freagairt eagrúcháin iomchuí agus cuimsíonn an Plean seo socruithe molta inmheánacha agus seachtracha eagrúcháin chun an seachadadh a éascú.

Cuirfear **Grúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil** ar bun chun na feidhmeanna dramhaíola seo a chomhordú. I ndeireadh na dála, treoróidh an socrú seo próiseas athbhreithnithe ar sheirbhísí comhroinnte ar bhonn inmheánach laistigh d'earnáil na n-údarás áitiúil, rud a shocróidh an struchtúr eagrúcháin inmhianaithe chun freagairt na hearnála i leith an dúshláin dramhaíola agus ciorclaíochta a chothabháil.

**Éascóidh na socruithe molta eagrúcháin atá leagtha amach rannpháirteachas comhsheasmhach leantach le croí-chomhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara chun comhoibriú leanúnach ar na spriocanna, beartais agus gníomhartha sa Phlean seo a chinntiú.**

## COMHORDÚ NÁISIÚNTA

Moltar **Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Dramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach** a chuimseodh croí-chomhpháirtithe seachadta an bheartais dramhaíola le gur féidir pleananna oibre, tionscadail agus acmhainní a ailíniú.

Ar chroí-ról de chuid an ghrúpa seo, beidh, a chinntiú ar na grúpaí cumasaithe a bheidh ag teastáil, i gcomhréir leis na réimsí fócais sa Phlean chun torthaí a sheachadadh maidir le cláir chomhroinnte agus le huaillmhian an Phlean.

I **gCUID C** den Treochlár Seachadta, tá leagtha amach na croí-thorthaí inréadaithe maidir le pleanáil, monatóireacht agus maoirsiú oibre chun tacú le seachadadh rathúil uaillmhian an Phlean.

## PLEANÁIL OIBRE

Tá an phleanáil oibre ríthábhachtach i dtaca le réadú chuspóirí chroí-chomhpháirtithe seachadta an bheartais dramhaíola agus moltar sa Phlean seo ordlathas de phleananna oibre chun soiléire agus comhsheasmhacht a sholáthar ó thaobh chur i bhfeidhm an bheartais de.

**Tabharfaidh na croí-chomhpháirtithe faoi phleanáil straitéiseach ilbhliantúil oibre ag leibhéal náisiúnta agus tabharfaidh sé seo treoir d'earnáil na n-údarás áitiúil maidir le ceapadh na bpleananna bliantúla oibre.**

## DINIMICIÚIL AGUS INOIRIÚNAITHE

Déanfar seachadadh na spriocanna, beartas agus gníomhartha sa Phlean seo a neadú sna pleananna bliantúla oibre agus coinneofar, san am céanna, an tsolúbthacht chun freagairt do thosaíochtaí athraitheacha, do mhargaí agus do theagmhais gan choinne. Éascóidh an cur chuige dinimiciúil seo idirghabhálacha luatha chun aon cheist a thiocfadh chun cinn le linn shaolré an Phlean a réiteach.

## CUR CHUIGE CISEALAITHE

Úsáidfear cur chuige cisealaithe chun pleananna oibre a cheapadh agus úsáidfear plean straitéiseach an **Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach** mar bhonn eolais le haghaidh thosaíochtaí agus gníomhartha phleananna oibre **Ghrúpa Comhordaithe Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil.**

Ansin, treoróidh an plean oibre seo forbairt na bpleananna bliantúla oibre don dá cholún forfheidhmithe.

**Cinnteoidh an cur chuige cisealaithe seo go mbeidh an forfheidhmiú bliantúil comhsheasmhach agus é comhordaithe le croí-chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara eile.**

# MONATÓIREACHT

Tá leagtha amach sa Phlean seo córas stóinsithe tráthúil monatóireachta agus cuimseofar leis na croí-aschuir tuairiscí ráithiúla acmhainneachta agus tuairiscí bliantúla ar stádas uaillmhian, spriocanna, beartais agus gníomhartha an Phlean.

**Ar na príomhthréithe den tuairisciú bliantúil, beidh breithmheas ar thionchar an Phlean ar an gciorclaíocht agus ar an ngníomhú ar son na haeráide.**

Tá gealltanas sa Phlean go gcoinneofar na naisc idir Gníomhaíochtaí Bainistithe Dramhaíola Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla agus go dtacófar le húdaráis áitiúla faoi leith.



Is é an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach, thar ceann Earnáil na nÚdarás Áitiúil agus an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Dramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach, thar ceann na gcroí-chomhpháirtithe, a dhéanfaidh maoirseacht ar sheachadadh an Phlean.

**Tiocfaidh an mhaoirseacht réigiúnach ó choistí stiúrtha réigiúnacha dramhaíola bunaithe, a chuimsíonn ionadaithe ó gach limistéar údaráis áitiúil.**



# TIONCHAR COMHSHAOIL

Caibidil V den Phlean

## MSC
### Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil

**Tugadh faoi Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil (MSC) ar an gcéad Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach i gcomhréir le riachtanais an Aontais Eorpaigh agus le reachtaíocht náisiúnta maidir le measúnacht ar éifeachtaí pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaol.**

Is é is cuspóir leis an MSC:


- Forbairt an Phlean a threorú;
- Na héifeachtaí dóchúla suntasacha a thiocfaidh le forfheidhmiú an Phlean agus aon rogha réasúnach mhalartach a shainaithint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a mheas; agus
- Deis luath a chur ar fáil do na húdaráis reachtúla agus don phobal chun tuairimí a chur chun tosaigh maidir le haon ghné den tuairisc chomhshaoil seo agus de cháipéisíocht an Phlean a ghabhann léi, trí chomhairliúchán.

Cuimsíonn Cuid A de Chaibidil V den Phlean an Ráiteas MSC ina bhfuil sonraithe mar a threoraigh an próiseas seo forbairt an Phlean.

## RTN
### Ráiteas Tionchair Natura

Táthar tar éis Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú le haghaidh an Phlean seo ina bhfuil breithniú ar thionchair dhóchúla agus fhéideartha an Phlean ar Shuíomhanna Natura 2000. Tá an Ráiteas Tionchair Natura seo ar fáil i gCuid B de Chaibidil V den Phlean.

**Cuirfear san áireamh le linn fhorfheidhmiú uaillmhian, spriocanna, beartais agus gníomhartha an Phlean seo, bearta maolaithe a moladh sa Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil agus sa Ráiteas Tionchair Natura.**





# AN PLEAN SEO

**Leis an bPlean seo, táthar tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an staid reatha bainistithe dramhaíola in Éirinn agus úsáideadh croí-spreagthaigh agus moltaí beartais chun treochtaí todhchaí a thuar agus réimse de dhúshláin a bheidh le bainistiú thar shaolré an Phlean a shainaithint. Tá leagtha amach anois sa Phlean, freagairtí beartais agus gníomhartha chun dul i ngleic leis na dúshláin reatha agus todhchaí a sainaithníodh agus tugadh treochlár seachadta mar chabhair chun eolas an bhealaigh a dhéanamh ó cheann ceann thréimhse an Phlean.**

**‘Tá táirgeadh na dramhaíola ag fás i rith an ama agus níl bonneagar leorga ag an Stát chun freagairt nó tá spleáchas leantach ann ar an easpórtáil. Is tosaíocht i gcónaí é cosc na dramhaíola mar aon le gníomhaíochtaí athchúrsála, athúsáidte agus deisiúcháin a mhéadú. Beidh gá le hacmhainní úra chun bainistiú agus úsáid ábhar a chur chun cinn ar bhealaí a n-íoslaghdaíonn an dramhaíl agus a n-uasmhéadaíonn an chiorclaíocht. Leis an aistriú i dtreo geilleagar níos ciorclaí, feabhsófar an inbhuanaitheacht ach is amhlaidh, áfach, go bhfuil gá le hidirghabhálacha móra chun uaillmhian an Phlean seo a réadú. Dar leis an bPlean seo go bhfuil an comhoibriú croí-lárnach chun ár n-uaillmhian a réadú.’**

Rialtas Áitiúil na hÉireann

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

REGIONAL
WASTE
MANAGEMENT
PLANNING OFFICES